*Uimhir* 17 *de* 2017

# An tAcht um Chorn Rugbaí an Domhain sa Bhliain 2023, 2017

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 17 *de* 2017

# AN tACHT UM CHORN RUGBAÍ AN DOMHAIN SA BHLIAIN 2023, 2017

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Mínithe
2. Cuideachta ilchomórtais
3. Tacaíocht airgeadais ón Aire
4. Cearta tráchtála — ceannach ag an Aire
5. Táille an ilchomórtais a íoc
6. Gealltanais maidir leis an ilchomórtas a reáchtáil
7. Tuarascáil ón Aire
8. Caiteachais an Aire
9. Gearrtheideal agus tosach feidhme

Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

*Uimhir* 17 *de* 2017

# AN tACHT UM CHORN RUGBAÍ AN DOMHAIN SA BHLIAIN 2023, 2017

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht dá chumasú don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tacú leis an tairiscint chun bheith mar óstach do Chorn Rugbaí an Domhain ar chríoch oileán na hÉireann sa bhliain 2023 agus, má éiríonn leis an tairiscint, tacú le reáchtáil an ilchomórtais, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[13 *Iúil* 2017]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Mínithe**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "tairiscint chun bheith mar óstach don ilchomórtas" an tairiscint chun bheith mar óstach don ilchomórtas ar chríoch oileán na hÉireann;

ciallaíonn "próiseas tairisceana" an próiseas arb éard é tairiscint a dhéanamh chun bheith mar óstach don ilchomórtas agus aon togra chun aon chearta tráchtála a bhaineann leis an ilchomórtas a cheannach;

ciallaíonn "cearta tráchtála" na cearta tráchtála sin (lena n-áirítear fáilteachas, ceadúnú agus urraíocht) ar le Rugby World Cup Limited iad agus a shealbhaíonn sé i leith an ilchomórtais;

ciallaíonn "Aire" an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;

ciallaíonn "Rugby World Cup Limited" an chuideachta atá corpraithe faoi dhlíthe Oileán Mhanann agus a bhfuil a príomháit ghnó aici ag 8-10 Sráid Pheambróg, i gcathair Bhaile Átha Cliath (uimhir chuideachta 043750C);

ciallaíonn "ilchomórtas" Corn Rugbaí an Domhain sa bhliain 2023;

ciallaíonn "buiséad an ilchomórtais" aon chaiteachas a mheastar a thabhóidh an chuideachta ilchomórtais a reáchtálfaidh an t-ilchomórtas nó a thabhóidh an chuideachta sin iarbhír;

ciallaíonn "cuideachta ilchomórtais" cuideachta dá dtagraítear in *alt 2*.

**Cuideachta ilchomórtais**

**2.** Má éiríonn leis an tairiscint chun bheith mar óstach don ilchomórtas, féadfaidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha is dóigh leis nó léi is cuí, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Airgeadais, aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh i ndáil le cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 chun an t-ilchomórtas a reáchtáil:

(a) scaireanna nó leasanna eile sa chuideachta sin a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt;

(b) aon chomhaontú scairshealbhóirí nó aon chomhaontú dá shamhail a dhéanamh;

(c) teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta.

**Tacaíocht airgeadais ón Aire**

**3.** Féadfaidh an tAire, d'fhonn an t-ilchomórtas a reáchtáil, faoi réir cibé coinníollacha is dóigh leis nó léi is cuí, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Airgeadais—

(a) tacaíocht airgeadais a sholáthar i leith bhuiséad an ilchomórtais (lena n- áirítear aon ráthaíocht i leith an bhuiséid sin) do chuideachta ilchomórtais,

(b) cistí (lena n-áirítear iasachtaí) a airleacan chuig cuideachta ilchomórtais d'fhonn an t-ilchomórtas a reáchtáil, agus

(c) faoi réir *alt 4*, tacaíocht a sholáthar do dhuine i leith aon togra ón duine sin chun aon chearta tráchtála a cheannach.

**Cearta tráchtála — ceannach ag an Aire**

**4.** Má éiríonn leis an tairiscint chun bheith mar óstach don ilchomórtas, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Airgeadais, aon chearta tráchtála a cheannach agus iad a dhiúscairt, ar cibé modh is dóigh leis nó léi is cuí.

**Táille an ilchomórtais a íoc**

**5.** Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Airgeadais, an táille as ceart eisiach chríoch oileán na hÉireann chun bheith ina críoch óstach don ilchomórtas a íoc le *Rugby World Cup Limited*.

**Gealltanais maidir leis an ilchomórtas a reáchtáil**

**6.** Féadfaidh an tAire, le toiliú an Rialtais, gealltanais a thabhairt do *Rugby World Cup Limited* i ndáil leis an ilchomórtas a reáchtáil sa Stát (lena n-áirítear nithe amhail slándáil a sholáthar sa Stát le linn an ilchomórtais, cúnamh a thabhairt do rannpháirtithe san ilchomórtas agus éascú a dhéanamh dóibh, bonneagar poiblí, seirbhísí agus acmhainní daonna chun críocha an ilchomórtais, ach gan bheith teoranta do na nithe sin).

**Tuarascáil ón Aire**

**7.** Má éiríonn leis an tairiscint chun bheith mar óstach don ilchomórtas, déanfaidh an tAire, le linn gach tréimhse 6 mhí ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh deireadh leis an ilchomórtas, tuarascáil maidir leis an ullmhúchán le haghaidh an ilchomórtais agus maidir le reáchtáil an ilchomórtais a thabhairt don choiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den

Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar chun nithe a scrúdú agus moltaí a dhéanamh i ndáil le turasóireacht agus spórt.

**Caiteachais an Aire**

**8.** Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**9.** (1) Féadfar an tAcht um Chorn Rugbaí an Domhain sa Bhliain 2023, 2017 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN’S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6017-5

9 781446 860175

Wt. _. 22. 6/21. Essentra. (67266). Gr.30-15.